

Cor Poist ón nGaeilAonad bunscoile d'Eanáir 2025

A chomhmhúinteoir,

Guíonn an GhaelAonad in Oide athbhliain faoi mhaise oraibh. Ba mhaith linn an deis seo a thapú eolas ábhartha don séasúr seo a roinnt libh.

Uillmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaím 2025



The image shows the front cover of the 'Uillmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaím 2025' document. It features the Oide logo at the top left, followed by the title in large blue text. Below the title, there is a section titled 'Churaclam Teanga na Bunscoile' and a bulleted list of key points. At the bottom, there is contact information for Tuilleadh Eolais, including an email address and social media links for Oide Primary Languages and Oide Primary Gaeltacht.

Reáchtálfar eispéireas foghlama gairmiúla (as Gaeilge agus as Béarla) in Ionaid Oideachais timpeall na tíre a chabhróidh le múinteoirí maidir le hullmhúchán taifeadta ghearrthéarmaigh do Churaclam Teanga na Bunscoile. Tacófar le tuiscint athnuaithe ar 'Uillmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaím - Treoir do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta' a fheabhsú agus a forbairt, de réir imleáir 45/2019. Idirphlé agus cleachtas athmhachnaimh a forbairt i do chomhthéacs scoile féin, ó thaobh an ullmhúcháin ghearrthéarmaigh de.

Cláraigh anois <https://oide.ie/ga/muinteoiri/>

Beidh an t-eispéireas foghlama gairmiúla seo ar fáil **as Gaeilge** sna hlonaid Tac-

aiochta Oideachais seo a leanas:

4 Feabhra 15.30-17.30 Áth Luain, Trá Lí, Gaillimh

6 Feabhra 15.30-17.30 Corcaigh

11 Feabhra 15.30-17.30 Maigh Eo agus Dún na nGall

12 Feabhra 15.30-17.30 BÁC Thiar

Athbhliain na Síneach 2025-Bliain an Nathair 龙年快乐

Tosaíonn bliain nua na Síneach ar 29 Eanáir agus déantar ceiliúradh ar bhliain an nathair. Is siombail de chríonnacht, gliceas agus solúbthacht atá sa nathair agus deirtear go bhfuil tréithe cruthaíochta, seiftiúlachta agus meabhrach ag an té a saolaítear ar Bhliain an Nathair. Leagtar béis sa teaghlaach, sa phobal agus sa náisiún ina ionnláine i dtéama na bliana seo.

Tuilleadh eolais faoi Bhliain úr na Síneach anseo ar PEIG.IE


<https://peig.ie/2020/01/5-thraidisiun-a-bhaineann-le-bliain-nua-na-sineach/> agus

Nuacht anois https://leighanois.com/alt?uimh_aitl=362



Leabhar na Míosa:

An Pota Folamh (Scéal Béaloidis ón tSín) scríofa ag Charlotte Guillaain.



Seanscéal a bhaineann le traidisiún béis na Síne. Is buachaill óg macánta é Cheng, foraoir, níl gach duine eile chomh macánta céanna leis.

Éist leis ar: <https://soundcloud.com/forasnagaeilge/an-pota-folamh>

Nó léigh in éineacht le Cúla4 ar scoil

Cuid 1: <https://youtu.be/GRJwwCMq5g>

Cuid 2: <https://youtu.be/vtdtETf4d0o>

Cuid 3: <https://youtu.be/W2grp1KwEao>

Tionscadal FCÁT 2024/25

Tá an-áthas orainn go mbeimid ag tacú le breis is 50 scoil agus iad ag tabhairt aghaidh ar an dara bhliain d'FCÁT ina scoileanna. Beidh na scoileanna sin ag baint úsáid as an gcur chuige FCÁT chun an mháthamaaitic a mhúineadh trí Ghaeilge.

Éascaíonn cur chuige FCÁT soláthar gnéithe den churaclam i nGaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. D'éirigh go hiontach le breis is 80 scoil a thug faoin tionscadal seo don chéad uair sa chéad téarma. Rinne siad obair den scoth chun an Ghaeilge a spreagadh agus a shaibhriú ina scoileanna féin.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar ár suíomh ag an nasc [seo https://oide.ie/irish-medium/baile/fcat/](https://oide.ie/irish-medium/baile/fcat/)

Más maith leat tuilleadh léitheoireachta bunaithe ar an taighde is déanaí ón CNCM ar FCÁT/CLIL a dhéanamh, tá cáipéis ábhartha ar fáil [anseo](#)

Frásáí na Míosa

Nathanna don saibhreas teanga- Treoracha a thabhairt

- Chuir tú do chos sa chré (Chuir tú túis leis go daingean)
- Cuir do smaointe in iúl go soiléir (Inis dom go cruinn cad atá i gceist agat)
- Tóg do chuid ama agus cuir i gcrích i gceart é (Ná bí ag brostú)
- Déan do dhicheall, agus beldh an toradh sásúil (Má chuireann tú iarracht isteach, beidh tú sásta leis)
- Tá an cur chuige sin thar barr, maith thú agus lean ort (Tá an modh oibre sin an-mhaith)
- Ná biodh drogall ort ceist a chur (Bíodh muinín agat ceisteanna a ardú)
- Déan machnamh faoin bhfadhb sula réitíonn tú i (Smaoinigh go cúramach ar dtús)
- Tá gach aon rud faoi smacht agat anseo (Tá gach rud in ord agus in eager agat)
- Ná déan talamh slán de na sonraí beaga (Ná déan dearmad ar na nithe beaga)
- Mholfaínn duit an obair a chur in ord tosaiochta (Tá sé níos fhearr tú a chur leis na rudai is tábhacthaí)

Samhail faoin aimsir

Chomh fuer le hoighear
Chomh fliuch le hiasc
Chomh taisfhuar le taobh na huaigne
Chomh tapaí le splanc tintrí
Sioc chomh sleamhain le gloine
Chomh geal le sneachta
Chomh liath leis an ggeo
Chomh gasta le gaoth Mhárta
Chomh soiléar le grian an mheánlae
Chomh hionraic leis an ngrian
Chomh cinnte is atá an ghrian san aer!
Chomh guagach leis an ngealach.
Tá an gaoth chomh fuer leis an éag

Dán: Na Gaotha

https://www.youtube.com/watch?v=kXWWuFWJ_Ro

An ghaoth aduaidh bíonn sí crua
Is cuireann sí gruaim ar dhaoine

An ghaoth aneas bíonn sí tais
Is cuireann sí rath ar shíolta

An ghaoth anoir bíonn sí tirim
Is cuireann sí sioc istoíche

An ghaoth aniar bíonn sí fial
Is cuireann sí iasc i lónata.



Alt faoi Thuar na hAimsire:

https://www.leighanois.com/alt?uimh_ait=349https://www.leighanois.com/~

Seanfhocal na Míosa

Ní hé lá na gaoithe lá na scolb (ná lá na bpáistí!)



Déan teagmháil linn ar eolas@oide.ie. agus leanaigí sinn ar  [@OidePrimGaeilge](https://twitter.com/OidePrimGaeilge)